**Preas-Ráiteas…… Preas-Ráiteas……. Preas-Ráiteas…….Preas-Ráiteas…….**

## Achan duine ar bord an Polar Express!!

Is fíor nach bhfuil iarnród i nDún na nGall ach tá leabharlanna Dhún na nGall ag tabhairt traein a bhfuil an-ráchairt uirthi go dtí na leabharlanna ar fud an Chontae. Beidh an 'traein' ag taisteal ó Bhun Dobhráin go Leitir Ceanainn agus ó Inis Eoghain go hIarthar Dhún na nGall i bhfoirm Chóisir Chulaith Codlata Polar Express do pháistí idir 5 agus 11 bhliain d'aois. Léifear an leabhar móréilimh páistí, An Polar Express, mar phléisiúr beag do pháistí, agus ina dhiaidh sin beidh neart amhrán agus dánta Nollag agus cluichí ann chomh maith. Beidh cóipeanna den leabhar ar fáil ar iasacht nuair a bheas an chóisir thart. Tabharfar málaí bonnachán Nollag do pháistí ina mbeidh bataí milse, seacláid the agus cluichí polar express.

Buaileann an Polar Express isteach i Leabharlann Bhun Dobhráin Dé Céadaoin 14 Nollaig ar 7.00in, agus sa Lárleabharlann i Leitir Ceanainn Déardaoin 15 Nollaig ar 6.00in. Bogfaidh sí ar aghaidh go hInis Eoghain, áit a mbeidh Cóisirí Culaith Codlata ar siúl i Leabharlanna Charn Domhnach agus Bhun Cranncha Dé Máirt 20 Nollaig ar 6.00in agus ansin i Leabharlann Pobail Ghaoth Dobhair Dé Céadaoin 21 Nollaig ar 6.00in. Beidh an Polar Express i Leabharlann Pobail Ghaoth Dobhair ar siúl i gcomhpháirt leis An Chrannóg, Gaoth Dobhair. Más mian leat do pháiste a thabhairt go dtí an chóisir chulaith codlata buail isteach chuig na leabharlanna thuas lena n-áit a chur in áirithe agus lena dticéad a thógáil. Is imeacht saor in aisce é seo agus tá teorainn ar an líon áiteanna. Mar sin de, is gá áit a chur in áirithe.

Cúig bliana is fiche i ndiaidh a fhoilsithe, tá idir pháistí agus dhaoine fásta ag baint taitnimh as an leabhar An Polar Express ar fud an domhain. Mar sin de, buail isteach agus tabhair leat aoibh na Nollag agus cuidigh linn an scéal álainn seo a cheiliúradh. Ar oíche na cóisire, caithfidh páistí a dticéad traenach a thabhairt leo agus iarrtar orthu culaith codlata a chaitheamh le go mbeidh siad in ann sult a bhaint as an léitheoireacht, na soilse sí ag soilsiú ar an chrann Nollag sa chúlra agus thig leo féachaint an féidir leo clingchloig Dhaidí na Nollag a chluinstin.

**Go leana an cloigín ag bualadh dóibh siúd a chreideann ina gcroí istigh!**

Sonraí teagmhála agus uaireanta oscailte na leabharlann ar fáil ag www.donegalibrary.ie